Aonad Sláinte na Mac Léinn (mar a leagadh amach in 2004)

Is é feidhm Aonad Sláinte na Mac Léinn seirbhís cúraim phríomhúil rúnda a chuireann fáilte roimh mhic léinn a sholáthar do mhic léinn OÉ Gaillimh ach na hacmhainní agus cleachtas sábháilte a bheith ar fáil. Folláine fhisiceach agus shíceolaíoch a chur chun cinn do mhic léinn na hOllscoile, i gcomhar le seirbhísí eile mac léinn san Ollscoil agus le gníomhaireachtaí seachtracha.

**Cuspóirí an Aonaid Sláinte**

- Seirbhís cúraim phríomhúil, rúnda, a chuireann fáilte roimh mhic léinn a sholáthar do mhic léinn OÉ Gaillimh de réir Threoirlínte ICGP.
- Seirbhís leighis éigeandála 24 uair an chloig a sholáthar ar feadh na bliana laistigh de thrí mhíle ón Ollscoil.
- Seirbhís leighis éigeandála a sholáthar áit ar bith ar an gcampas le linn uaireanta oscailte an Aonaid.
- Cur chun cinn na sláinte a bheith fite fuaite i bpríomhghníomhaíocht an Aonaid.
- Seirbhís leighis a sholáthar in ionaid scrúdaithe na hOllscoile ar an gcampas agus lasmuigh de.
- Seirbhís pháirtaimseartha síciatrach mac léinn-bhunaithe a sholáthar. Cuimsíonn an tseirbhís seo tacaíocht speisialta in Aonad Síciatrach Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.
- Clinicí páirtaimseartha fisiteiripe agus gortuithe spóirt a sholáthar.
- Tacaíocht speisialta a sholáthar do mhic léinn na hOllscoile atá ar an ngearrliosta do scoláireachtaí spóirt e.g. trí mheasúnú leighis, fiseolaíoch agus bithmheicniúil.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Dámha, le foireann acadúil agus riaracháin na hOllscoile maidir le deacrachtaí na mac léinn de réir mar is cuí.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Comhairleoirí, le Speisialtóirí agus le hospidéil sa bhaile agus thar lear
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na Boird Sláinte maidir le deacrachtaí sláinte na mac léinn.

**Comhaltaí an Bhoird:**

An tOllamh Pól Ó Dochartaigh, Uachtarán Ionaid &

Meabhránaí John Hannon, Stiúrthóir, Seirbhísí do Mhic

Léinn

John Gaffney, Stiúrthóir, Cuntasaíocht Bhainistíochta